I

'Bígí go maith anois. Beidh sí anseo nóiméad ar bith.' Bhreathnaigh Daid ar an mbeirt pháistí. 'Seo í an seachtú *au pair* a bhí againn i mbliana,' ar seisean. 'Má imíonn sí seo…'

Rinne Niamh meangadh gáire séimh. Shílfeá nach leáfadh an t-im ina béal.

'Má imíonn sí,' ar sise, 'ní orainn a bheidh an locht.'

Chaoch sí súil ar a deartháir.

‘Bímidne go maith i gcónaí.’

Bhain Daid searradh as a ghuaillí agus amach leis as an gcistin.

A luaithe is a bhí sé imithe thosaigh Aonghus ag comhaireamh ar a mhéara. ‘Consuelo, Maria Louisa, Lola … Ansin Silvia, Suzanne agus Blanca. Nó ar tháinig Silvia roimh Mharia Louisa?’

‘Is cuma,’ arsa Niamh. ‘Níor mhair aon duine acu ach lá nó dhó!’

‘Tá dul amú ort,’ arsa Aonghus. ‘Níor mhair Blanca ach seacht n-uaire an chloig. Nach cuimhin leat? A luaithe is a tháinig Daid abhaile bhailigh sí léi

amach an doras!'

'Meas tú cén deifir a bhí uirthi?' arsa Niamh. Í an-dáiríre mar dhea.

'Níl a fhios agam,' arsa Aonghus. 'Ní dóigh liom go raibh sí róshásta gur iarramar uirthi dul suas san áiléar chun bréagáin a fháil.'

'Tusa a mhúch an solas agus í ann.'

'Ná bí ag iarraidh an milleán a chur ormsa,' arsa Aonghus. 'Tusa a chuir doras an áiléir faoi ghlas!'

Phléasc an bheirt acu amach ag gáire.

'An cuimhin leat na calóga arbhair i ngruaig Lola?' arsa Niamh.

‘Agus Silvia!’ arsa Aonghus. ‘Níor thaitin froganna léi siúd!’

‘Agus na damháin alla a …?’

Stop Niamh i lár abairte. Bhí duine éigin ag an doras.

‘Meas tú … ?’ arsa Niamh.

‘Céard é?’ arsa Aonghus.

‘Meas tú an bhféadfaimis an cailín nua seo a dhíbirt roimh am lóin?’

‘Am lóin?’ Bhreathnaigh Aonghus ar a uaireadóir. ‘Ní thugann sé sin mórán ama dúinn … ach déanfaimid ár ndícheall! Agus mura n-éiríonn leis sin…?’

Léim an bheirt acu san aer. Bhuail

siad bosa ar a chéile.

'Mura n-éiríonn leis sin,' arsa an bheirt acu d'aon ghuth, 'déanfaimid ár seacht ndícheall!'